Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Eanáir 2026
(OR. en)

15508/25
PV CONS 61
AGRI 620
PECHE 406
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

17 Samhain 2025

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 14924/25 + COR 1.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 15123/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis maidir leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 15319/25

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

1. Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2025: coigeartú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, nuashonrú ar ioncaim agus nuashonruithe teicniúla eile — S C — 14876/25 14877/25 FIN
*Glacadh*
*Formheas litreach*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 12.11.2025

Ghlac an Chomhairle an seasamh ón gComhairle agus d'fhormheas sí an litir. Is i seisiún poiblí a pléadh an mhír sin.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

TALMHAÍOCHT

**3. An Comhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027: Slándáil bia agus spriocdhíriú tacaíochta** — ❶ C — 14939/25
*Díospóireacht bheartais*

Pléadh mír 3 agus mír 7 (a) le chéile.

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil, le tacaíocht ón mBulgáir, ón tSeicia, ón Ungáir, ón bPolainn ón bPortaingéil agus ón tSlóvaic.

**<u>Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha</u>**

<u>TALMHAÍOCHT</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann leis an trádáil, lena gcuirtear san áireamh caidreamh níos dlúithe idir an tAontas agus an Úcráin<br>*Faisnéis ón gCoimisiún*<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 15052/25<br>14726/25 |

<u>IASCACH</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta san Atlantach agus sa Mhuir Thuaidh<br>*Cur i láthair ón gCoimisiún*<br>*Seisiún tuairimíochta* | C | 14667/25<br>12815/25<br>+ ADD 1-2 |
| 6. | Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2026<br>*Cur i láthair ón gCoimisiún*<br>*Seisiún tuairimíochta* | C | 14668/25<br>13077/25 + ADD 1 |

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**7.** <u>Talmhaíocht</u>

**(a) Tograí reachtacha reatha**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

| | | |
|---|---|---|
| **Athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta arb is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo**<br>*Faisnéis ón Iodáil, le tacaíocht ón mBulgáir, ón tSeicia, ón Ungáir, ón bPolainn, ón bPortaingéil agus ón tSlóvaic* | ❶ C | 14843/25 |

Pléadh mír 7(a) agus mír 3 le chéile.

| | | |
|---|---|---|
| (b) | A bhfuil i ndán d’earnáil ríse an Aontais: straitéis choiteann – Cruinniú aireachta (Vercelli, an 12-14 Meán Fómhair 2025)<br>*Faisnéis ón Iodáil* | 15328/25 |
| (c) | Imscrúdú frithdhumpála na Síne ar mhuiceoil na hEorpa – an gá atá le cothrom iomaíochta<br>*Faisnéis ón mBeilg* | 15324/25 |

(d) **Staidreamh maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí (de réir SAIO AE)** 15297/25
*Faisnéis ón nGearmáin, le tacaíocht ó Lucsamburg*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil, le tacaíocht ó Lucsamburg. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

Iascach

(e) **Iarraidh go ndéanfaí an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe a shimpliú** 15235/25
*Faisnéis ón bhFionlainn, le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCróit, ón Eastóin, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ó Éirinn, ón Liotuáin agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhionlainn ar fáil, le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCróit, ón Eastóin, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ó Éirinn, ón Liotuáin agus ón Spáinn, maidir le hiarraidh go ndéanfaí simpliú ar an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

(f) **Iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an gComhbheartas Iascaigh** 15236/25
*Faisnéis ón Spáinn, thar ceann na Beilge, na Cróite, na hEastóine, na Fionlainne, na Fraince, na hÉireann, na hIodáile, na Laitvia, na Liotuáine, na hÍsiltíre, na Polainne, na Portaingéile agus na Spáinne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg, an Chróit, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, an Laitvia, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Spáinn ar fáil maidir leis an ngá atá le hathchóiriú an chomhbheartais iascaigh (CBI). Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

**(g)** **An gá atá le tacaíocht leordhóthanach a áirithiú d’earnáil an dobharshaothraithe** 15256/25
*Faisnéis ón tSlóvaic, thar cheann na Cróite, na Seicia, na hUngáire agus na Slóvaice*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóvaic ar fáil, thar ceann na Cróite, na Seicia, na hUngáire agus na Slóvaice maidir leis an ngá atá le tacaíocht leordhóthanach a áirithiú d’earnáil an dobharshaothraithe sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil maidir le gné an iascaigh sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, lena n-iarrtar cistiú soiléir iomchuí don Chomhbheartas Iascaigh (CBI) agus don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan don tréimhse 2028-2034. Thug an Chomhairle dá haire a raibh le rá ag na toscaireachtaí maidir leis na míreanna sin.

**(h)** **Gné an iascaigh sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile: Iarraidh ar chistiú soiléir iomchuí don Chomhbheartas Iascaigh (CBI) agus don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan don tréimhse 2028-2034** 15326/25
*Faisnéis ón bhFrainc*

Pléadh mír 7(h) agus mír 7(g) le chéile.

Talmhaíocht

**(i)** **Tuarascáil bhliantúil 2025 ar dhul chun cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú (sláinte agus leas ainmhithe, plandaí agus sláinte plandaí, sábháilteacht bia agus beatha)** 14737/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(j)** **Socrú caighdeán idirnáisiúnta i réimse an bhiashlabhra** 15218/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(k) **Na rioscaí do shláinte plandaí a chuireann táirgeadh fíniúna na hEorpa i mbaol** [2] 15205/25
*Faisnéis ón Ungáir, le tacaíocht ón tSeicia, ón Iodáil agus ón tSlóvaic*

(l) **Bagairt na gciocáidí *Pentastiridius Leporinus* ar an bhfeirmeoireacht agus ar fhás glasraí** [2] 15275/25
*Faisnéis ón nGearmáin*

(m) **Úsáid Táirgí Cosanta Plandaí san Aontas Eorpach** [2] 15274/25
*Faisnéis ón Iodáil, le tacaíocht ón tSeicia agus ón Ungáir*

Pléadh míreanna 7(k), (l) agus (m) le chéile.

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ungáir ar fáil, le tacaíocht ón tSeicia, ón Iodáil agus ón tSlóvaic, agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil, le tacaíocht ón tSeicia agus ón Ungáir, agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

(n) **Toradh na Comhdhála 'Aon Sláinte Amháin' (Cóbanhávan, 5-6 Samhain 2025)** [2] 15216/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)